

LEABHAIR 1

# UISCE

SELF HELP
Africa
Alive

# Uisce I: Cur chuige Traschuraclam

| AN STAIR | AN GHEOGRAIF | AN BÉARLA |
|---|---|---|
| Na Fionnachtana | Cúrsaí Aeráide | Scéalta agus litríocht eile bunaithe ar an uisce m.sh Moby Dick |
| Na bealaí trádála | Gnéithe - creimeadh na machairí, rl san oighearaois | Foclóir |
| Muilte plúir | An t-uisce sa timpeallacht | Míreanna nuachta |
| Scéimeanna uiscithe | Na gnéithe éagsula den saol ina bhfuilimid ag brath ar an uisce | Cinnlínte |
| | Cúrsaí tionsclaíochta | Obair chruthaitheach - aiste nó dán |
| | | An Fhógraíocht |
| **TEAGASC CREIDIMH** | **AN EACNAMAÍOCHT** | **AN EOLAÍOCHT** |
| Tabhacht an uisce sna deasghnátha | Trádáil | Foinsí uisce |
| Cruthú an domhain | Acmhainní | Saghasanna éagsúla uisce |
| An glanadh. | Cúrsaí tionsclaíochta | Truailliú |
| Cearta an duine maidir le huisce | Smacht ar an uisce | Slánú |
| Cosaint agus caomhnú na timpeallachta | Teacht isteach, cánacha | Galair |
| | | An tionchar a bhíonn ag uisce ar an saol |
| | | An usáid is féidir a bhaint as an uisce i gcursaí eolaíochta agus san tionsclaíocht |
| **EALAÍN** | **CEOL** | |
| Íomhánna | An t-uisce mar théama i bpíosaí ceoil | |
| Na slite difriúla inar féidir leas a bhaint as uisce | Píosa ceoil a chumadh a bheidh bunaithe ar ghluaiseacht is ar fhuaimeanna an uisce | |
| Píosa ealaíne a chumadh a bheidh bunaithe ar théama an uisce | Lírící faoi uisce a chumadh | |

# Clár


| | |
|---|---|
| Lch 1 | Uisce, Cur chuige Traschuraclam |
| Lch 3 - 4 | Self help: Réamhrá |
| Lch 6 | An Afraic: Fíricí agus Figúirí |
| Lch 7 | Uisce: An Acmhainn is Luachmhaire ar Domhan<br>Gníomhaíocht 1 - Soghluaisteoir a Dhéanamh. |
| Lch 8 | Prionsabail Bhaile Átha Cliath |
| Lch 9 | Uisce: Ór Lachtach na Beatha |
| Lch 10 | Uisce: Fíricí agus Figúirí<br>Gníomhaíocht 2 - Iompar an Uisce |
| Lch 11 | Cás scrúdú 1: Bailiú Báistí i dTionscnamhcheantar Dodota |
| Lch 12 | Gníomhaíocht 3 - Lánchaipín d'Uisce - Sin Uile |
| Lch 13 | Lá i Saol Bean Fheirmeora sa Chéinia |
| Lch 16 | Cás Scrúdú 2: Scéim Uiscithe i Keren<br>Gníomhaíocht 4 - cumascphictiúr a dhéanamh |
| Lch 17 | El Nino |
| Lch 18 | Léargas níos leithne ar an Scéal |
| Lch 19 | Tomhas Abeba |
| Lch 20 | Beagbeann ar Thábhacht an Uisce |
| Lch 21 | Cás Scrúdú 3: Éisc a reo san fhásach<br>Gníomhaíocht 5 - Féach ar na 3 Chás Scrúdú |
| Lch 22 | Amhrán Na Beatha<br>Gníomhaíocht 6 - Tionchar na haeráide |
| Lch 23 | Tráth na gCeist Faoi Uisce Timpeall Orainn sa Domhan |
| Lch 24 | Gníomhaíocht 7 - Conas Masc Afraiceach a Dhéanamh |
| Lch 25 | Cuntais faoi Aeráid |
| Lch 26 | Cur i gCrích ar an gCur Chuige Traschuraclam<br>Na freagraí ar Thráth na gCeist Faoi Uisce Timpeall Orainn sa Domhan |





*Daithí Ó hAodha a scríobh is d'eagair*
*Cabhair airgid ón gCoiste Náisiúnta Um Oideachas Forbatha.*
*Griangrafdóireacht ag Carol Lee*
*Dearadh agus Léiriú ag Design Tactics*

**Buíochas le...**

**Mary Gannon** - Comhairleoir san Oideachas Forbartha. **David Sheehan** - Oibreacha uisce, Inis Cearra, Co. Chorcaí. **Celine Smith** - Múinteoir CSPE, Coláiste Chríost Rí, Corcaigh. **Sheila Dillon** - Trócaire. **Sonya McElroy** - Tuaisceart Éireann 2000. **Micheal O'Leary** - Aonad Forbairt Curaclaim, Cill Chainnigh. **ENFO** - Sráid na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2. **David Cole** - Cumann na Múinteoirí Geograife, Corcaigh. **Míchéal De Barra** - Cumann na Múinteoirí Creidimh, Corcaigh. **Sue Mythen. Muiris Mac Giolla Choda -** a d'aistrigh go Gaeilge. **Parthalán Ó Ceileachair** - a chabhraigh san aistriúchán. **Foras na Gaeilge**

**Eagras carthannach a dhíríonn go speisialta ar cosc a chur leis an ngorta go fadthéarmach is ea Self Help Development International. Bunaíodh an t-eagras mar thoradh ar an ngorta san Aetóip i 1984 agus tá sé mar aidhm aige cabhrú le hAfraiceánaigh a bheith féinchothaitheach. Tá tionscnaimh fhadthéarmacha forbartha i gceist anseo i dtreo is nach mbeidh aon ghá le cabhair ón dtaobh amuigh sa todhchaí.**



Sé an cur chuige neamhchoitianta atá ag Self Help ná infheistiú a dhéanamh i dtionscnaimh fhorbartha a chlúdaonn réimse an-leathan. Díríonn na tionscnaimh seo ar riachtanaisí an phobail áitiúil (ní mar a fheicimidne iad ach mar a fheictear do mhuintir an phobail sin iad). Braithfidh na tionscnaimh leis, ar a gcuid eolais, ar a gcuid tuairimíochta agus ar a gcuid oibre.

I ngach tionscnamh díobh cuireann Self Help na nithe seo a leanas ar fáil: síolta crann a chuirfidh tús le próiseas an fhoraoiseachais agus a chuirfidh stad le hionsaí an ghaineamhlaigh; córais shimplí uiscithe; muilte plúir; scéimeanna oibre do na mná; áiseanna sláinte; oideachas; barra nua a sheasfaidh an triomach agus traenáil i dteicnící na feirmeoireachta agus na bainistíochta.

Ní chuireann Self Help ach líon an-bheag daoine ar fáil (agus is duchasaigh iad siúd), ach iad ag obair le grúpaí seanbhunaithe ón bpobal féin, le foireann a traenáladh go háitiúil agus le comhairleoir atá ann ar iasacht ó rialtas na tíre féin. Tá idir mholadh is aitheantas faighte ag straitéis Self Help ó Ireland Aid, ón Aontas Eorpach agus ó áisíneachtaí idirnáisiúnta eile, ach i bhfad níos tabhachtaí, ó na Rialtais náisiúnta atá ag plé leis an obair.

Tá tionscnaimh á gcur i gcrích ag Self Help san Aetóip, in Eritrea, i Uganda, sa Chéinia agus i Malawi.





'Sí an Afraic an dara mórroinn is mó, 30 milliún km² aici agus sin 20% de thalamh na cruinne. Gearrann an mhéanlíne ina dá leath í, le Teochrios Cancer sa leath thuaidh den mhóroinn, agus Teochrios Capricorn san leath theas. Tá seacht dtíortha is dhá scór san Afraic agus labhraítear breis is 1,000 teanga is canúint dhifriúila inti. Tá daonra 900 milliún duine san áit. Is san Afraic atá an abhainn is faide ar domhan, an Níl atá 6,620 km ar fhad. Síneann an Great Rift Valley, an gné nádúrtha is suntasaí ar domhan (tá sé le feiceáil ón ngealach) ón Aetíop go Mozambique. Tá aeráid teochreasach ag dhá thrian den Afraic agus tá foraoiseach báistí aici nach bhfuil a sarú le fáil sa domhan cé is móite de abhantrach na hAmasóine. Tá beagnach an tríú cuid den mhórroinn ina ghaineamhlach, clúdaíonn an Sahara féin, gaineamhlach atá ag méadú ag ráta 5 km in aghaidh na bliana, 25% den Afraic. 'Sí an Afraic an mhórroinn is teo ar domhan; ar 13 Meán Fomhair, 1922 tuairiscíodh teocht 58°C (136°F.) faoin scáth in Al Aziziya san Libia. Titeann báisteach an-trom go deo ar an dá thrian sin den Afraic ina bhfuil aeráid teochreasach nó fotheochreasach agus scuabann sí léi an ithir in áiteanna nochta agus freisin i réimsi atá faoi fhoraoiseacha. Titeann faoi bhun 250mm (10 n-órlach) báistí sa bhliain in áiteanna eile.



# UISCE: An Acmhainn Is Luachmhaire Ar Domhan

'Sna seachtóidí, sna hochtóidí agus sna nochaidí cuireadh go mór le luach na hola mar acmhainn. Bhí sí chomh luachmhar sin gur baisteadh "An t-Ór Dubh" mar ainm uirthi. Ins an 21 ú haois tá aitheantas á fháil go forleathan ag an uisce gurb é "an t- Ór Lachtach" nua é. Is ceisteanna tábhachtacha, fiú conspóideacha anois iad na ceisteanna faoi fáil a bheith ar an uisce, córas a fháil chun teacht i dtír air agus an úsáid a bhaintear as.

Síonn abhainn na Níle san Afraic trí ocht dtríotha difriúla, óna foinse insan Luvironza i mBurundi go dtí go ritheann sí san fharraige insan Éigipt, agus taoscann sí an deichiú cuid den Afraic. 'Siad cúrsaí na n-aibhneacha agus gluaiseacht an oighir is mó a chuaigh i gcion ar dháileadh ithir na cruinne (ní féidir ach 30% - 35 % di d'úsáid le haghaidh táirgeadh bia).

Bíonn an scéal maidir le dáileadh agus úsáid an uisce difriúil ó áit go chéile ar fud na cruinne. Úsáideann gach Éireannach 150 - 250 líotar d'uisce in aghaidh an lae, ach ní óltar ach dhá líotar de seo. Úsáidfidh duine amháin sa Chéinia ceithre líotar gach lá, ach caitheann duine a chónaíonn i Nua Eabhrach 680 líotar.

Ó 1970 i leith tá titim de 30% tagtha ar an méid uisce atá ar fáil d'aon duine amháin sa domhan. Tá ceithre oireadh daoine anois ann seachas mar a bhí deich mbliana ó shin nach féidir leo uisce glan a fháil le h-ól. Bhí 2 bhilliún ar fad díobh seo ann sa bhliain 2000. Tá uisce riachtanach do gach saghas beatha ar domhan, ón mbaictéar is lú siar amach go dtí an fhorbairt theiceolaíoch is ardchéimí dá bhfuil ann.

### GNÍOMHAÍOCHT 1 - Soghluaisteoir a dhéanamh

An 25 sa rang roinnte i 5 ghrúpa. Beidh na nithe seo a leanas ag teastáil uait :

Marcálaithe (dathanna difriúla)
Siosúr x 5
Corda x 1
Píobán x 30 throigh

**AN MODH IMEACHTA**

Tabhair téama a bhfuil baint aige le huisce do gach grúpa m.sh fuaimeanna, gníomhaíochtaí, soithigh / míosúir /rl. Ansin iarr ar gach grúpa díobh focail a scríobh nó íomhánna simplí a tharraingt (agus lipéad ar gach ceann acu) a mbeidh baint acu go léir le h- uisce.

Gearr amach na focail is na híomhánna seo i gcruthanna difriúla m.sh bád seoil agus lipéad air ag seoltóireacht, agus ceangail gach ceann acu den phíobán leis an gcorda.

Cuir an píobán in airde ins an seomra ranga nó in áit phoiblí sa scoil chun tábhacht an uisce a chur ar a súile do gach éinne.

**Prionsabail Bhaile Átha Cliath: Tionóladh comhdháil idirnáisiúnta i mBaile Átha Cliath i 1991 chun ullmhú do Chruinniú Mullaigh Imshaoil Na Náisiún Aontaithe i 1992. D'eascair an 4 "Prionsabail Bhaile Átha Cliath" ón gcruinniú, is iad mar bhunchloch ag comhaontú idirnáisiúnta faoi fhorbairt.**

**Prionsabal a hAon:** Is acmhainn teoranta, leochaileach í uisce abhann, atá riachtanach don bheatha, don fhorbairt agus don timpeallacht.

**Prionsabal a Dó:** Ba chóir go mbeadh forbairt an uisce bunaithe ar chur chuige ina mbeadh lucht úsáidte, lucht pleanála, agus iad siúd a dheineann na polasaithe, rannpháirteach ag gach léibhéal.

**Prionsabal a Trí:** Ta ról lárnach le glacadh ag na mná i soláthar, i riaradh agus i gcaomhnú an uisce.

**Prionsabal a Ceathair:** Tá luach eacnamaíoch ag an uisce san leas leathan is féidir a bhaint as, agus ba chóir go dtabharfaí aitheantas dó mar shocar eacnamaíoch.






# UISCE: Ór Lachtach Na Beatha

## Cé chomh tábhachtach is atá an t-uisce duit agus an fada an turas a chuirfeá ort féin chun teacht air?

Mar go bhfuil flúirse uisce againn in Éirinn is beag linn an tábhacht a bhaineann leis dúinn. Ní fada uainn riamh an fhoinse uisce is cóngaraí dúinn, pé acu sconna, abhainn, sruthán, loch nó foinse éigin eile í. Fiú chun foinse ghlan a aimsiú ní chuirfeadh sé ach aistear cúpla nóiméad orainn. Tá an t-uisce riachtanach dár mbeatha. Ní mhairfimis níos mó ná trí nó ceithre lá gan é.

I gcodarsnacht le hÉirinn, tá mórchuid áiteanna difriúla sa domhan ina mbíonn ar dhaoine, mná is páistí go háirithe, aistir fhada a shiúl chun uisce a fháil. Tá breis is dhá bhilliún duine, 30% de dhaonra an domhain, nach bhfuil teacht acu ar uisce glan.

Le linn séasúr an triomaigh bíonn ar na mná i gceantar Dodota san Aetóip oiread san ama a chaitheamh gach lá ag siúl na mílte fada don tobar nó don pholl uisce is cóngaraí, ag feitheamh lena seal agus ag siúl ar ais, gur beag am nó fuinneamh a bhíonn acu d'aon obair eile.

Ó shráidbhailte Koro, Horsis, agus Dera bíonn ar mhná sé uair a chloig a chaitheamh ar an mbóthar chun uisce a fháil. Ní h-aon áibhéil é seo. I ndeireadh báire bíonn ar mhórchuid daoine uisce truaillithe d'úsáid, rud atá mar chúis mhór galair is báis. Fíric scanrúil is ea í go bhfaigheann ceathrar páistí bás gach nóiméad ar fud an domhain de dheasca galar a bhí folaithe san uisce.

Nuair a deintear uisce glan a sholáthar do phobail atá ag forbairt, ní hamháin go ngearrann sé siar ar an méid ama a chaitheannn na mná ag taisteal le haghaidh uisce, ach níos tábhachtaí fós, laghdaíonn sé go suntasach baol an ghalair is an bháis. Nuair atá na mná saortha ó uaireanta fada siúlóide le haghaidh uisce bíonn ar a gcumas am a chaitheamh ag obair sna goirt, ag tabhairt aire dá bpáistí, ag tuilleamh airgid agus ag glacadh páirte i dtionscnaimh a chabhraíonn le forbairt an phobail.

Tá gá le huisce freisin chun bia a fhás, cuid an - tabhachtach den fhorbairt phobail is ea na scéimeanna uiscithe. Go hiondúil, bíonn smacht ag daoine ar riaradh agus ar usáid an uisce ach is minic go mbíonn cabhair ag teastáil ó na pobail bhochta - i dtúis báire ar aon nós - chun aibhneacha a dhambáil, uisce fearthainne a bhailiú agus a smachtú, canálacha uiscithe a thógáil, dul i ngleic le síonídiú na hithreach agus leas a bhaint as cumhacht an uisce is é faoi líonrith.

An rud is tábhachtaí ar fad i gcursaí forbartha ná go gcuirfí uisce glan ar fáil agus go mbeadh dóthain de ann. Tá Self Help Development International gafa le líon mór tionscnamh atá bunaithe ar uisce san Afraic. Tá poill tóraíochta á ndruileáil acu, scéimeanna bailiú uisce ar an talamh agus ar dhíonta idir lámha acu, agus díríonn siad freisin ar uisciú agus ar chaomhnú uisce.

**Uisce, Fíricí agus Figúirí:** **Tá 95% d'uisce an Domhain iata go ceimiciúil sa charraig. Is uisce farraige 97% den 5% eile. Uisce is ea breis is 71% de dhromchla na Cruinne. B'iad cúrsaí na n-aibhneacha agus gluaiseacht an oighir ba mhó faoi ndear an cruth agus an déanamh atá ar dhromchla na cruinne anois (sléibhte, gleannta, machairí ,rl). Toisc an méid mór sléibhte, bogach, gaineamhlach ,rl atá ar uachtar na cruinne ní féidir bia a thairgeadh ach ar 30%-35% den ithir.**

Sé an Ciúin-Aigéan an t-aigéan is mó ar domhan. Clúdaíonn sé 35% de dhromchla na Cruinne.

Tá níos mó ná 75% den uisce ar fad atá ar tír reoite ina leaca oighir agus ina oighear shruthanna.

Tá timpeall 22% den uisce bailithe faoi dhromchla na Cruinne (uisce talún). Tá méid beag de le fáil sna locha agus sna haibhneacha (0.017% den ollmhéid).

Cé nach bhfuil ach 0.001% de ina ghaluisce, gan é seo ní bheadh aon bheatha ar tír.

Ní hí an fhadhb is mó í an méid uisce atá ar fáil sa Domhan (cé go bhfuil sé seo ag dul i laghad de bharr truaillithe), ach na laithreacha ina bhfuil sé, agus an mbeidh daoine ábalta teacht air agus é d'úsáid.

| | |
|---|---|
| Gloiní Uisce | 4 ghloine = 1 líotar |
| Deochanna Boga | 3 channa = 1 líotar |
| Sruthlú an leithris | 10 líotar gach turas |
| Cupáin tae | 5 chupán = 1 líotar |
| Folcadh 80 líotar | Cithfholcadh - 40 líotar |
| Scuabadh fiacla | 3 líotar |

**GNÍOMHAÍOCHT 2 - Iompar an Uisce**

Dosaen buicéad (toilleadh 10 líotar an ceann)
Sconna nó píobán uisce


**AN MODH IMEACHTA**

Déan amach an méid uisce a úsáideann duine amháin in aon lá amháin. Ag baint úsáide duit as cúirt cispheile nó páirc imeartha, déan amach an méid turasanna is gá a dhéanamh chun 2.5km a thaisteal - an t-aistear go foinse an uisce.

Faigheann gach grúpa dhá bhuicéad le líonadh ach níl aon chead an dara buicéad a líonadh go dtí go mbíonn an chéad bhuicéad líonta ag na grúpaí ar fad. Leis na buicéid líonta, siúlann gach grúpa an t-aistear céanna ar ais. Déan líonadh na mbuicéad arís ag baint úsáide as baill dhifriúla den ghrúpa, go dtí go mbíonn a chion féin faighte ag gach duine.

**PLÉ**

Cad iad na fadhbanna a tháinig rompu?
Cad iad na ceachtanna a fhoghlaim siad?
Cad a dhéanfaidh siad anois chun tábhacht an uisce a chur ar a súile do dhaoine eile?





# Cás Scrúdú 1: Bailiú Báistí i dTionscnamhcheantar Dodota

*Tá Dodota suite 120km soir ó Addis Ababa (príomhchathair na hAetóipe) - daonra 120,00.*

Bíonn triomach sa limistéar seo go minic agus bíonn sé ina ghorta ann go rialta. Tá daonra mór san áit agus tá an scéal go hainnis ann ó thaobh tairgeadh bia de, toisc go dteipeann ar na barra go minic. Tá sláinte na ndaoine is an eallaigh go dona ann agus níl fáil ar dhóthain uisce inólta.Tá sé mar aidhm ag Self Help tacaíocht a thabhairt do imeachtaí phobail agus cur leo. Diríonn sé ar an ngné fhéinchabhrach d'obair na forbartha.

Tá sé mar aidhm ag an bhfeachtas tairgeadh bia agus ioncam ón bhfeirmeoireacht a mhéadú, chomh maith le uisce a chur ar fáil agus na hacmhainní nádúrtha a chaomhnú. Aithníonn muintir na háite gur fadhb an-mhór é an t-uisce. Bíonn ar na mná aistir ollmhóra a dhéanamh gach lá gus soithigh throma á n-iompar ar a ndroim acu ag cuardach le haghaidh uisce. Cuirtear an t-uisce ar fáil trí toibreacha a fhorbairt, poill tóraíochta a dhruileáil agus uisce fearthainne a bhailiú. Cuireann siad seo uisce ar fáil do theaghlaigh feirme, agus é inólta ag daoine is ag eallach.

**Déantar an bháisteach a bhailiú i ndá shlí - í a bhailiú ar an talamh agus í a bhailiú ar na díonta.**

Déantar an bailiú ar thalamh tré achar mór talún 200 troigh x 100 troigh a chludach le clocha is le stroighin (Féach an pictiúr thuas). Tá fána leis an áit atá clúdaithe chun aon bháisteach a thiteann a theorú isteach i bpíobán a thógann an t-uisce isteach i sistéal ollmhór faoi thalamh (toilleadh 60,000 galún aige). Déantar an t-uisce a stóráil anseo go dtí go dtagann an séasúr tirim agus ansin cuirtear ar fáil é do mhuintir na háite.

Forbairt nua san mbailiú ar thalamh ná leatháin mhóra palaitéine a leagadh anuas ar áit a bhfuil fána leis chun aon bháisteach a thiteann a theorú isteach i sistéil faoi thalamh. Déantar an díonghabháil ar an modh céanna, sé sin an bháisteach ón iarann rocach ar dhíonta scoileanna agus ar fhoirgnimh phoiblí eile a theorú isteach i sistéil. Tógadh na sistéil seo le toilleadh de 60,000 galún suas amach go 500,000 galún. Muintir na háite a dheineann an sclábhaíocht agus a chuireann na hábhair áitiúla go léir is gá ar fáil. Bunaítear coiste uisce i ngach ceantar chun deimhin a dhéanamh de go gcoimeádtar caoi ar na háiseanna.


Déantar daoine ón bpobal a thraenáil chun na háiseanna a oibriú. Íocann gach duine a usáideann an t-uisce táille beag chun íoc as caoi a choiméad ar an áis agus chun tuarastal a sholáthar don oibritheoir. Téann gach áis bailithe fearthainne chun tairfe do bhreis is 2,000 duine. 'Sé an costas ar gach áis díobh a fhorbairt (toilleadh 60,000 galún) ná €5,000.

**Ceisteanna**

Cén fath go dteipeann ar bharra?
Dar leat, cad iad na fadhbanna is mó i gceantar Dodota?
Dá mbeifeása ann, cad a dheánfá?

Tabhair uait cúig réiteach ar na fadhbanna.





## GNÍOMHAÍOCHT 3 - Lánchaipín d'Uisce Sin Uile.

Buicéad 10 líotar (2 ghalún) x 1
Cupán plaisteach x 2
Caipín plaisteach buidéil x 1

**AN MODH IMEACHTA**

1. Líon an buicéad le huisce (seo an t-uisce go léir sa domhan).
2. Tóg amach 22 lánchaipín den uisce agus cuir isteach i gcupán amháin é (seo an t-uisce abhann ar fad sa leathchruinne theas - oighear na hArtaice san áireamh).
3. Tóg amach 18 lánchaipín den uisce agus cuir isteach i gcupán é (seo an t-uisce abhann ar fad sa leathchruinne Thuiadh - oighear na hArtaice san aireamh).
4. Tóg amach 1 lánchaipín den uisce (seo an t-uisce ar fad in aibhneacha agus i locha an domhain).

***Istigh san aon lánchaipín seo tá an t-uisce ar fad atá ar fáil do dhaoine, d'ainmithe, d'éin agus do phlandaí le h-ól agus le húsáid.***

# Lá i Saol Bean Fheirmeora Sa Chéinia.

**Faoi spéir ghlé ghorm na Céinia tá lá fada eile ag tosú do Wamboi Muthoka. Tá Wamboi 25 bliana d'aois agus is bean fheirmeora í ón Kikuyu, an treibh is mó sa Chéinia. Tá feirm caifé aici féin is ag a fear céile, Kitau, atá 27 mbliana d'aois, ar na fánaí ó dheas ó shliabh Céinia. Tá seisear páistí acu, iad go léir faoi bhun ocht mbliana d'aois. Ní obair bhog í an obair a bhíonn le déanamh ag Wamboi gach lá. Oibríonn an bhean óg ó dhubh dubh ar an bhfeirm. Chomh maith le bheith ag cur, ag gortghlanadh is ag baint an bhairr, bíonn uirthi bia a ullmhú dá clann agus aire a thabhairt dóibh.**

Tá caifé ag fás ar tuairim is leath den bhfeirm 4 acra (1.6 heicteár) agus tá minbhuí, bananaí, pónairí agus glasraí eile (príomhbhia an teaghlaigh), curtha sa chuid atá fágtha. Tugann an barra caifé airgead crua isteach, gurb ionann é agus U.S $100 sa bhliain. Is iad an caifé is an tae dhá phríomh onnmhaire na Céinia, agus nuair a thagann athruithe ar na praghasanna at fud an domhain, bíonn tionchar suntasach ag sin ar eacnamaíocht na tíre, agus dá dheasca sin ar mhaoin chlann Wamboi.

An chéad chúram a bhíonn ar Wamboi gach lá ná bia a thabhairt do dhá bhó an teaghlaigh. Gais an arbhair Indiaigh is mó a fhaigheann siad, maraon le haon fhásra eile atá ar fáil. Ansin seolann Wamboi an bheirt pháiste is sine aici, duine acu a sé agus an duine eile a seacht don bhunscoil áitiúil. Níl inti siúd ach bothán adhmaid agus chabhraigh muintir uile na háite chun í a thógáil cúpla bliain ó shin.

Cé go bhfuil an bhunscolaíocht saor in aisce sa Chéinia bíonn brú airgid de shíor ar an gclann de bharr costas na h-éide is na dtéacsaleabhar (Tá an t-ádh leo nach mbíonn orthu bróga a chaitheamh). Ach in ainneoin an chostais, agus cé nach córas éigeantach é an córas oideachais náisiúnta, is beag tuismitheoir a chuirfeadh amhras ar an ngá le hoideachas. Níl oideachas foirmeálta orthu féin ach tuigeann siad gurb é an t-oideachas a chuirfidh ar chumas a bpáistí na postanna stáit a mbíonn siad ag tnúth go géar leo, a fháil i Nairoibi. Ní raibh aon oideachas ag Wamboi agus níor chaith Kitau ach cúpla bliain sa bhunscoil. Níl an ceathrar páiste eile atá ag Wamboi aosta a ndóthain fós chun freastal ar an mbunscoil.

An páiste is óige sa chlann, cailín sé mhí d'aois, téann sí gach áit stropáilte go daingean de dhroim a máthar, agus caitheann na páistí eile an lá ag déanmah corrphostanna nó ag rith timpeall na feirme. Conaíonn máthair Wamboi agus tuismitheoirí a fir ar an bhfeirm freisin. Tá conaí ar an teaghlach ar fad i ndá bhothán ceann féir déanta as adhmad agus lathach. Níl ach an t-aon bheanchéile amháin ag Kitau - bíonn scata díobh ag cuid de sheanóirí an Kikuyu. Nuair a bhíonn obair an lae déanta ag Wamboi sna goirt téann sí síos don sruthán, aistear 20 nóiméad, chun uisce a bhreith ar ais i bpróca ollmhór a bhíonn suite in airde ar a ceann aici.

Bíonn uirthi dul amach freisin ag cuardach le haghaidh brosna don tine, gnó atá ag dul i ndeachracht in aghaidh an lae, mar gearrtar síos na crainn in aice láimhe mar ábhar tine agus mar sin tógann sé suas le uair go leith chun brosna a bhailiú na laethanta seo. Beireann Wamboi an brosna léi i mbeart mór ar a droim agus stropa leathair timpeall ar a cláreadain aici mar thaca. Ansin caithfidh sí féin agus a clann an tráthnóna ag caint is ag comhrá lena gcomharsana nó ag éisteacht le "Guth na Céinia" de chuid an rialtais á chraoladh i Swahili nó i mBéarla ar a seanraidió mór.





*Saothrú oinniún i ngort uiscithe i Keren, Eritrea.*

## Cás Scrúdú 2:
# Scéim uiscithe i Keren san Eritrea

*Tá Keren suite 90km siar ó thuaidh ón bpríomhchathair Asmara san Eritrea. Tá daonra 21,000 ann.*

2 acra (méid páirc peile) meánmhéid na bhfeirmeacha. Tá ganntanas bia sa cheantar toisc a laghad báistí a thiteann. Feirmeoireacht mheasctha atá ann ach is bocht an toradh a bhíonn uirthi ó thaobh na mbarra agus ó thaobh an stoic de. Tá géarghá le méadú a dhéanamh ar thairgeadh na talún trí theicneolaíocht nua aimseartha d'úsáid.

Toisc nach féidir brath ar thitim rialta na báistí san áit, tá sé an-tabhachtach tús a chur le scéimeanna beaga uiscithe chun deimhin a dhéanamh de go mbeidh méid seasamhach uisce ar fáil le haghaidh tairgeadh bia. I gcuid den tionscnamh seo tá forbairt déanta ar 100 heicteár (240 acra) talún tré uisce a chaidéalú ó abhainn atá in aice láimhe. Tá taiscumar lárnach ann agus canálacha a sheolann uisce chuig gach ceapach.

Sa tionscnamh, dáileadh amach méid mór caidéal uisce le haghaidh scéimeanna beaga uiscithe. Téann gach caidéal díobh chun leasa dó 4 theaghlach.

Tugadh iasachtaí mar chúnamh do na feirmeoirí chun an scéim a chur ar a bonnaibh. Deineann siad na haisíocaíochtaí go bliantúil ag brath ar an méid airgid a thuilleann siad. Baintear úsáid as an airgead a bhailtear sna haisíocaíochtaí chun scéimeanna uiscithe den tsórt céanna a bhunú in áiteanna eile sa chomharsanacht. Cosnaíonn gach caideál uisce €350. Sí an fhadhb is bunúsaí sa cheantar ná dóthain bia a fhás do gach teaghlach (cuimhnigh go bhfuil na feirmeacha ar fad an-bheag) agus an réiteach ar an bhfadhb seo ná soláthar rialta uisce ar féidir brath air a bheith ann.

Nuair a bhíonn scéim uiscithe ag obair is féidir le feirmeoirí a bheith cinnte go bhfásfaidh a gcuid barra, agus toisc an ithir a bheith chomh torthúil is atá sí, gheobhaidh siad suas le trí bharr sa bhliain. Cintíonn sé seo go mbeidh soláthar sláintiúil bia acu agus airgead ag teacht isteach chun riachtanaisí eile na beatha m.sh éadaí, leigheasra agus leabhair scoile a cheannach.



**GNÍOMHAÍOCHT 4 - Cumasc phictiúr a dhéanamh.**

25 sa rang, roinnte i 5 ghrúpa. Beidh na nithe seo a leanas ag teastáil uait:

Cúig leatháin mhóra de phaipéar ealaíne.
Deich siosúr
Deich mbata glú

Mar réamh obair bailíodh na daltaí oiread pictiúr agus is féidir, a bhfuil baint acu le huisce, as nuachtáin irisí, leabhair, ábhar fógraíochta, rl.

**AN MODH IMEACHTA**

Iarr ar na grúpaí earnálacha éagsúla faoina ndéanfaidh siad staidéar ar an uisce a roghnú m.sh san dúlra, sa talamhaíocht, sa tionsclaíocht, i gcúrsaí sláinte, i gcúrsaí spóirt, rl.

Ansin déan an cumascphictiúir ag baint úsáide as na híomhánna go léir a bailíodh. Ansin déanadh gach grúpa, nó daltaí a roghnófar, sceal a insint nó giota de dhráma a chur i láthair agus iad bunaithe ar na pictiúir.

D'fhéadfadh an giota drámaíochta a bheith bunaithe ar:

Na fadhbanna a bhaineann le bailiú an uisce san Afraic


An mhíúsáid agus an truailliú a dhéantar ar an uisce i gcúrsaí tionsclaíochta.

Cuireadh na daltaí 5 mhím i láthair, iad a bheith bunaithe ar na slite difriúla imar féidir úsáid a bhaint as uisce.

**PLÉ**

Cad is uisce ann agus conas a bhainimid úsáid as?
Conas go bhfuil uisce chomh luachmhar is atá sé?
Conas is féidir linn cúram ceart a dhéanamh den uisce?

**Sé an t-uisce an t-ábhar is tábhachtaí dá bhfuil againn san 21ú haois - ó shilíní beaga i limistéir áirithe san Afraic, a bhfuil an triomach ag cur as dóibh, go dtí na cnoic ollmhóra oighir san Antartach siar amach go dtí tonnta móra agus aigéin chumhachtacha an domhain. Tá tionchar ag gluaiseacht agus sníomh an uisce orainn go léir. Sé El Nino an sruth aigéin aisiompaithe is drámatúla agus is mó tionchar ar fad agus is féidir leis mórchuid dochair a dhéanamh timpeall na cruinne.**




**Gnáthbhliain**




**Bliain El Nino**

B'í cuairt El Nino i 1997-98 an tarlúint ba dhíobhálaí fós, mar ba í ba chúis le (i measc rudaí eile) tuilte agus maidhmeanna talún in iarthuaisceart Mheirceá Theas, stoirmeacha i gCalafornia, triomach i ndeisceart na hAfraice, teip an mhonsúin i bhforaoiseacha báistí oir-dheisceart na hÁise. Meastar costas an damáiste a deineadh d'ábhar maoine amháin a bheith suas le U.S $33 bhillún. Mar a léirigh an tubaiste ba mheasa roimhe sin i 1982-83, tá an costas ó thaobh na tráchtála de ollmhór agus leathadach.

San áireamh anseo tá laghdú ar an stoc éisc in oirthear an Chiúin Aigéin (tháinig titim de bhreis is 90% ar an ngabháil ainseabhaithe), doirí oráiste Florida millte ag an sioc, barra á gcailliúint san Afraic agus dóiteáin coille san Astráil. Cé nach bhfuil aon chinnteacht faoi El Nino ó thaobh cumhachta nó ó thaobh minicíochta de - bhíodh sé chugainn gach (2-7) mbliana - is feinimeán é a tharlaíonn níos minicí anois, agus tháinig sé cúig shéasúr i ndiaidh a chéile ó 1990 -1994. De ghnáth maireann sé tuairim is trí mhí ach dfhéadfadh sé bheith i bhfad níos faide ná sin.

Uair dá raibh thugadh iascairí Pheiriú an t-ainm seo ar shruth bogthe lag, a shníonn ó dheas ar feadh cúpla seachtain aimsir na Nollag gach bliain - sin an bunús leis an ainm a chiallaíonn "Críost, an Leanbh". Anois baintear úsáid as an téarma nuair a bhítear ag trácht ar shraith chasta, neamhrialta de tharlúintí suntasacha sa nádúr.

Tosaíonn sraith tarlúintí El Nino in iarthar an Chiúin Aigéin. Coimeádann na trádghaotha, a shéideann ón iarthar is mó, srian de ghnáth ar mheall mór uisce bogthe. Nuair a mhaolaíonn na gaotha seo gluaiseann an t-uisce faoi oibriú mór meánchiorcalach i dtreo Mheirceá Theas. Tagann ardú i dteocht na farraige agus tarlaíonn stoirmeacha tóirní dá bharr, rud a mhéadaíonn an taise agus fuinneamh na gaoithe san atmasféar uachtarach.

Cuireann sé seo athrú ar an bpatrún a bhaineann le gaotha an scairdsrutha, casann siad níos mó ó thuaidh anois, agus cruthaíonn sé seo coinníollacha aisteacha aimsire a leathnaíonn tamall maith taobh amuigh de thropaicí an Chiúin Aigéin. Leanann an bháisteach uisce bogthe El Nino freisin, rud is cúis le badhtaí den triomach in oirdheisceart na hÁise agus san Astráil agus leibhéil thar cuimse báistí i Meirceá Theas. I 1983, 1987 agus 1995, ar shála El Nino lean an sruth fionnuar La Nina (an cailín óg).



## Léargas níos leithne ar an scéal:

# Níl aon athrú tagtha ar mhéid an uisce sa domhan ach toisc an truailliú atá tárlaithe tá laghdú 30% tagtha ar an méid de atá ar fáil ó 1970 i leith.

Idir an dá linn tá méadú drámatúil tagtha ar uimhir na ndaoine atá ag baint úsáide as uisce na cruinne. Sa bhliain 2000 bhí breis is 6 bhilliún ann - ceaptar go rachaidh sé seo suas go 9 bhilliún faoi 2050.

*"Tá an-seans ann go dtroidfear cogaí faoi cheist an uisce san 21ú haois"*

Klaus Toepfer stiúrthóir ginearalta UNEP (United Nations Environmental Progamme).

Inniu tá breis is 10 gcoimhlint sa domhan agus iad ceangailte le cúrsaí uisce, sa Tuirc, san Ind, san Éigipt, in Iosrael agus i dtríotha eile.

San Antartach bhí oitir-oighir (chomh mór le Luxemburg) ar tugadh Larsen B uirthi, agus bhris sí ar fuaidreamh ón mórthír. Bhí sí ansin le 12,000 bliain agus níor thóg sé ach 35 lá uirthi titim ó chéile. Dar le Trevor Sergeant ón bPáirtí Glas is drochthoradh scanrúil é seo de charnadh "gáis an tí gloine".

Má leanann caipín an oighir air ag leá ag ráta an lae inniu, beidh 17% de thalamh na Banglaidéise faoi uisce i gceann 10 mbliana eile. Déanfaidh sé seo aisáitiú ar 27 milliún duine agus beidh an t-achar talún atá ar fáil chun bia a thairgeadh do dhaonra atá ag fás i gconaí, níos mó fé bhagairt ná riamh.

Tá timpeall 5 mhilliún acra in aghaidh na bliana á gcailliúint ag Foraois Báistí na hAmasóine. Faoi mbliain 2020 beidh 95% den fhoraois imithe.

I dtíortha forbatha tionsclaíochta an Domhain baintear úsáid as 60-80% den uisce le haghaidh cúrsaí tionsclaíochta. I dtíortha atá fós ag forbairt ní úsáidtear ach 10% sa tslí seo.

**Úsáidtear 1000 líotar uisce chun carr amháin a dhéanamh.**

**Úsáidtear 9 líotar uisce i ndéantús barra seacláide amháin.**

I gceann 10 mbliana eile dfhéadfaí uisce glan sábháilte a chur ar fáil do bhilliún duine ar chostas a bheadh níos lú ná an méid a chaitheann an domhan anois ar armáil i 90 uair a chloig.

**Topaicí le plé:**

Cé chomh tabhachtach is atá uisce dúinn?

An mbainimid úsáid chiallmhar as?

Conas is féidir linn é a chaomhnú do na gluine a bheidh ag teacht inár ndiaidh?

## Tomhas Abeba:

**"Ní féidir é a fheiceáil ach is féidir féachaint tríd. Is féidir lámh a leagadh air ach ní féidir greim a choiméad air. Gluaiseann sé chomh ciúin le nathair agus béiceann sé mar a dhéanfadh leon. Eitlíonn sé go hard sa spéir ar nós iolair agus téann sé i dtalamh ar nós coinín. Ard nó iseal, tapaidh nó mall is é mo chara é, foinse na beatha".**


Bhí Abeba ina suí sa bhfothain faoi chrann acacia in aice lena teach i Sire, Dodota, san Aetóip, agus í ag insint scéalta d'á cúigear páistí gealgháireacha anamúla, agus ag cur tomhas orthu. Bhí miongháire sona sásta ar a haghaidh aici mar bhí sí cinnte gurbh é an tomhas a bhí curtha aici ar a páistí a réitigh a cuid fadhbanna di féin.

Fad a bhí a páistí ag cur is ag cúiteamh faoin gcur síos aisteach ar uisce a bhí faighte acu, agus freagra á lorg acu ar an tomhas, bhí Abeba ag cuimhneamh ar thriomacht ghránna na haimsire ina háit dúchais agus ar na fadhbanna go léir a mbíodh ar a pobal féin dul i ngleic leo. Cúpla bliain roimhe sin bhíodh alán cruinnithe agus mórchuid plé ar na fadhbanna a bhí ag cur as do na daoine.

Bhí sé fíordheacair barra a fhás nó beostoc a chothú. Bhíodh alán daoine tinn go rialta le fadhbanna goile agus leis an mbuinneach. Ní raibh an t-airgead acu chun scoil a thógáil le haghaidh oideachais dá bpásití. Rith réiteach simplí a bhfaidhbe leo lá amháin nuair a chuir Abeba an tomhas céanna ar an ngrúpa ban a thagadh le chéile sa tsráidbhaile. Bhí an freagra simplí agus bhí fhios ag na mná ar an bpointe gurbh é an t-uisce a réiteodh na fadhbanna éagsúla go léir a bhí acu. Tar éis roinnt plé a dhéanamh ar an scéal d'aontaigh seanóirí an bhaile go raibh an réiteach le fáil san uisce. S'í an aidhm a bhí ann ná uisce glan sláintiúil, le h-ól dóibh féin agus le haghaidh cócaireachta, agus méid rialta de a bheith ar fáil chun uisciú a dhéanamh ar na goirt agus chun bia a fhás.

Le cabhair ó Self Help, ag baint úsáide dóibh as a gcuid acmhainne féin, agus mar go raibh siad toilteanach obair chrua a dhéanamh, tharraing muintir Sire, Dodota ar abhainn an Awassa agus bhailigh an acmhainn is luachmhaire ar domhan. Cuireadh caidéil uiscithe isteach agus cuireadh tús le scéimeanna le haghaidh uisce a bhailiú. Tháinig an fás is an fhorbairt go luath.

Tá torthaí na hoibre seo le feiceáil timpeall orthu i ngach áit, agus go háirithe in aghaidheanna a bpásití sona, sláintiúla. Sé an luach saothair is fearr atá le fáil ag Abeba as ná go bhfuil saol níos fearr agus níos sona i ndán di féin, dá fear céile is dá páistí amach anseo, ach freisin tá meas ag a cairde is ag a comharsana uirthi agus tugann siad urraim di as an ngaois is an misneach a léirigh sí is í i mbun a gcuid fadhbanna a réiteach dóibh.



## An féidir leat an tomhas seo a réiteach:

Sé daonra an domhain i láthair na huaire ná 6 bhilliún.

1 1975, ba le 20% de dhaonra an domhain 75% de mhaoin an domhain.

I 1990, ba le 20% de dhaonra an domhain 80% den mhaoin sin.

**Sa bhliain 2000, tá greim ag 20% de dhaonra an domhain ar 86% d'acmhainn na cruinne.**

Itheann siad 45% de fheoil is d'iasc an domhain

Úsáideann siad 58% d'fhuinneamh an domhain.

Is leo 82% dá dtuilltear as an easportáil sa domhan.

Tá 86% de G.N.P an domhain acu.

Faoi 2050 beidh daonra an domhain ag an 9 milliún.

## Cad air a mairfidh an 80% is boichte de dhaonra an domhain?

## Cén fáth go bhfuil oiread sin daoine beag beann ar na fadhbanna a bhaineann le h-uisce?

Is i dtíortha sa leathsféar theas is mó atá laghdú tagtha ar an méid uisce glan atá ar fáil agus samhlaímidne gur fada ó bhaile uainn an fhadhb sin cé go mbaineann sí go díreach linn.

Eascraíonn an tslí a gcaithimid leis an timpeallacht ó dhearcadh a bhí ann 30 bliain ó shin nuair a ceapadh go raibh acmhainn gan teorainn sa domhan.

Ceapaimid agus níl an ceart againn - nach bhfuil ar ár gcumas aon rud a dhéanamh chun dul i ngleic le fadhb atá chomh mór sin.

Is féidir linn go léir beart a dhéanamh trí róchaiteachas uisce gan ghá a ghearradh siar agus trí bhrú a chur ar Rialtais is ar chomhlachtaí córas buan a fhorbairt, córas a shásóidh na riachtanaisí atá againn anois gan na glúine a thiocfaidh inár ndiaidh a chur i mbaol.

'Sé an chéad réiteach mar sin ná go gcuirfimis ar a súile do dhaoine conas mar atá an scéal, agus mar nach dtagann an timpeallacht i láthair na ndaoine, caithfear aire agus beartaíocht dheimhneach na ndaoine a dhíriú ar an timpeallacht.

## Cás Scrúdú 3:
# Reo An Éisc San Fhásach

Don chuid is mó de aithnítear dúthaigh Turkana i dTuaisceart na Céinia mar cheantar fhasaigh. Ainneoin gur loch an-mhór é loch Turkana bíonn ganntanas bia ar mhuintir an cheantair sin agus is í an triomach is mó is cúis leis.

Sna seachtóidí chinn eagraíocht forbartha Eorpach amháin ar rud éigin a dhéanamh chun cabhraithe leo. Chuir siad rompu tionscal iascaireachta a bheadh suite ar an loch a bhunú. Bhí gabhálacha ollmhóra éisc á mbreith isteach sna líonta ag iascairí an cheantair, mar sin d'áitigh an eagraíocht forbartha ar 20,000 duine ón áit bogadh isteach go bruach an locha, áit ar tugadh báid agus líonta dóibh agus ansin múineadh scileanna na hiascaireachta dóibh.

Ansin thóg an eagraíocht monarcha reoite iasc a chosnaigh $2 mhilliún. Thóg siad chomh maith, bóthar a cheangail an mhonarcha iasc don bhóthar mór chuig an bpríomhchathair Nairobi. Chosnaigh sé seo $20 milliún agus chuir sé ar a gcumas na margaí a bhaint amach. Níor lean an mhonarcha reoite iasc ag feidhmiú ach ar feadh cúpla lá. Ansin stop sé glan.

Agus an fhadhb? Leis an deifir a bhí ar lucht na heagraíochta chun réiteach a fháil ar fhadhb soláthar an bhia i dTuaisceart na Céinia, rinne siad botún ollmhór bunúsach - níor chuir siad an scéal faoi bhráid mhuintir na háite.

Bhí a fhios ag na daoine seo gur tháinig athrú ar chruth an locha timpeall gach 30 bliain. Rugadh ar an gcuid is mó de na héisc cruinn díreach sa chuid sin den loch a thriomaigh suas i 1980 agus bhí an mhonarcha reoéisc suite san áit chéanna anois. Bhain an mhonarcha úsáid as níos mó leictreachais ná mar a bhí ar fáil sa cheantar. Bhí méid ollmhór leictreachais ag teastáil chun teocht an éisc a ísliú ó ghnáththeocht lae beagnach 100°F (38°C) - go dtí an reophointe. Tharla gearradh cumhachta tar éis dhá lá mar ní raibh aon leictreachas ar fáil do mhuintir na háite fad a bhí an mhonarcha sa tsiúl.

**Chuir sé seo isteach go mór ar shaol na ndaoine.**

Bhí siad anois ag brath ar chabhair bia mar nach raibh ar a gcumas breith ar éisc. Fuair a gcuid eallaigh bás de bharr plódaithe ag bruach an locha. Ní raibh na daoine óga ábalta beatha a bhaint amach dóibh féin agus d'imigh mórchuid díobh óna náit dúchais chun saol nua a bhaint amach dóibh féin i gceantair eile.

### GNÍOMHAÍOCHT 4: Féach ar na 3 Chás Scrúdú

1. Bailiú Báistí (Lch 11)
2. Scéim Uiscithe (Lch 16)
3. Reo Éisc (Lch 21)

Leag amach na critéir a mbainfeá úsáid astu chun na tionscnaimh is mó a rachadh chun leasa do na daoine a roghnú. Mínigh do chuid critéar.

*Nod duit! Rannpháirtíocht mhuintir na háite, leas fadthéarmach, riachtanaisí mhuintir na háite, tosaíochtaí, teicneolaíocht oiriúnach, oiriúntacht dá saol, marthanacht.*



# Amhrán Na Beatha

Imíonn na laethanta
Agus loisceann an ghrian an talamh
Is adhnann seo an imní,
Ach aon lá amháin
Seo chugainn
Séasúr na báistí.
Tús le crainn ag cur amach
Na crainn mangó
Na crainn liomóide,
Na crainn guava
Ag dáileadh a gcumhachta.
Na bláthanna hibiscus
Ag déanamh gaisce dá n-áilleacht
Rinceann na lasarchrainn
Sa ghaoth
Is an sabhána ar fad
Ag scairteadh ceoil
Agus rinceann daoine
Is tá an aghaidh fidil
Ag rince
Agus buaileann an tom-tom amach
Rithim na beatha,
A fhilleann
Arís is arís eile
Mar éagann daoine
Is saolaítear daoine
Éagann daoine
Is saolaítear daoine
Go brách na bréithe.

*Veronique Tadjo,Cote D'Ivoire*



*Síoltán Caife san Aetóip*



**GNÍOMHAÍOCHT 6 - Tionchar na haeráide**

Léigh an dán agus pioc amach an t-eolas atá ann faoi aeráid na tíre. Taispeáin conas mar a théann séasúr na báistí i bhfeidhm ar

A. An radharc tíre.
B. An fásra
C. Na daoine

Scríobh dán ded' chuid féin a thabharfaidh léargas ar aeráid na hÉireann agus conas mar a théann sí i bhfeidhm ar na daoine.

Deán giota líníochta nó pictiúr a bheidh bainteach le do dhán.

Roghnaigh píosa ceoil a mbeidh baint aige le do dhán. Deán rince, mím nó píosa saor ghluaiseachta a chuirfidh brí do dháin in iúl.

## Uisce Timpeall Orainn Sa Domhan:
# Déan do chuid eolais a thástáil leis an gceistiúchán tapaidh seo

**Ceist 1**

**'S'é atá i 70% de dhromchla na cruinne ná…**

*A.* *Tae*
*B* *Coca-cola*
*C.* *Beoir*
*D.* *Uisce*

**Ceist 2**

**'S'é a thugtar ar uisce ag titim anuas ón spéir ar an talamh ná…**

*A.* *Confetti*
*B.* *Cnoc oighir*
*C.* *Báisteach*
*D.* *Taitneamh an ghrian*

**Ceist 3**

**'S'é a thugtar ar réimse mór talún atá clúdaithe le gaineamh ná…**

*A.* *Sliabh*
*B.* *Gleann*
*C.* *Gaineamhlach*
*D.* *Machaire*

**Ceist 4**

**'S'é a thugtar ar uisce ina riocht crua ná …..**

*A.* *Carraig*
*B.* *Oighear*
*C.* *Scealla*
*D.* *Gal*

**Ceist 5**

**'S'í cothromóid cheimiceach uisce ná…**

*A.* $O_2$
*B.* $CO_2$
*C.* $H_2O$
*D.* *2H*

**Ceist 6**

**'S'í an sineach is mó sa domhan ná…**

*A.* *An eilifint*
*B.* *An míol mór gorm*
*C.* *An buabhall*
*D.* *An deilf*

**Ceist 7**

**'S'é a thugtar ar an bhfoirmiú chloiche a chrochann anuas ó dhíon uaimhe ná…**

*A.* *Aolchoinneal*
*B.* *Aolchuisne*
*C.* *Héileatít*
*D.* *Dolaimít*

**Ceist 8**

**Tá gaineamhlach Sahara ag fairsingiú ag ráta …**

*A.* *5 km sa bhliain*
*B.* *10km sa bhliain*
*C.* *50km sa bhliain*
*D.* *500km sa bhliain*

**Ceist 9**

**'S'é a thugtar ar easpa uisce sa cholainn ná…**

*A.* *Deachú*
*B.* *fairsingiú fásaigh*
*C.* *dísciú*
*D.* *disháiliú*

**Ceist 10**

**'S'é gnáththeocht an duine ná…**

*A.* *24C°*
*B.* *33C°*
*C.* *37C°*
*D.* *42C°*

**Ceist 11**

**Ar an meán, tá barr cnoc oighir…**

*A.* *1/32 os cionn an uisce*
*B.* *1/24 os cionn an uisce*
*C.* *1/16 os cionn an uisce*
*D.* *1/8 os cionn an uisce*

**Ceist 12**

**'S'é a thugtar ar shraith inmheánach atmasféar na cruinne ná…**

*A.* *An t-eicóisféar*
*B.* *An t-ianaisféar*
*C.* *An strataisféar*
*D.* *An trópaisféar*

**Ceist 13**

**'S'é an ceatadán d'uisce na cruinne ar uisce abhann é ná…**

*A.* *3%*
*B.* *10%*
*C.* *12%*
*D.* *21%*

**Ceist 14**

**Deineann an domhan a thuras timpeall na gréine ag meánluas…**

*A.* *20,000 míle sa uair*
*B.* *32,000 míle sa uair*
*C.* *66,600 míle sa uair*
*D.* *72,400 míle sa uair*

**Ceist 15**

**'S'é an t-ainm a bhí ag an údar ó Mheiriceá a scríobh Moby Dick ná…**

*A.* *Mark Twain*
*B.* *James Fenimore Cooper*
*C.* *Washington Irving*
*D.* *Herman Melville*



*Freagraí ar Lch 26*





**GNÍOMHAÍOCHT 6 -**
**Masc Afraiceach a dheánamh.**

Beidh na nithe seo a leanas uait. Pinn, pinnluaidhe,marcálaithe le haghaidh dathadóireachta, roinnt coiríní, corda, cleití le greamú ag na daltaí den mhasc.

**AN MODH IMEACHTA**

Roghnaigh tír ón Afraic

Tarraing mion phictiúr de bhratach na tíre (féach ar leathnaigh thosaigh an Eolaí Teileafóin le haghaidh na mbratach) ar bharr leatháin A4.

Scríobh 10 bpointe eolais faoin tír ar an leathán A4.

Pictiúr de mhasc Afraiceach é seo ar clé

Ar leathán eile A4 tarraing imlíne den mhasc Afraiceach is rogha leat féin.

Dathaigh an masc ag baint usáide duit as dearadh ded' chuid féin - greamaigh coiríní, cleití, rl de seo.

Leag an masc 'daite' in aice le leathnach na bhfíricí faoin tír. Scríobh ainm na tíre i litreacha móra os cionn an mhaisc agus os cionn leathanach na bhfíricí.

Deán taispeántas ded' chuid oibre sa seomra ranga nó in áit phoiblí sa scoil.

## Cuntais ar theochta idirnáisiúnta

| | |
|---|---|
| **An teocht is airde faoin scáth a bhfuil cuntas air:** | Al Aziziyah, san Libia, 58°C (136.4°F), 13ú Méan Fómhair 1922. |
| **An mheánteocht bhliantúil is airde:** | San Aetóip, 34.4°C (94°F), 1960-66. |
| **An scallán teasa is faide:** | Marble Bar, an Astráil Thiar, 162 lá os cionn 37.8°C (100° F), 23ú Deireadh Fómhair 1923 go 7ú Aibreán 1924. |
| **An teocht is ísle a bhfuil cuntas air:** | Stáisiún Vostock, an Antartach Thoir, 21ú Iúil 1985, -89.2°C (-128.6°F). |
| **An teocht is ísle lasmuigh den dá mhol:** | Verkhoyansk, san tSibéir, -68°C (-90°F), 6ú Feabhra 1933. |
| **An mheánteocht bliantúil is ísle:** | Stáisiún Plateau, san Antartach, -56.6°C (-72.0°F). |

## An Comhdhlúthú - Cuntas Idirnásiúnta

| | |
|---|---|
| **An triomach is faide:** | I gCalama sa tSíle - faoi 1971 bhí 400 bliain caite gan aon chuntas faoi bháisteach san áit. |
| **An ceantar is fliche:** | (12 mhí): Cherrapunji, Meghalaya, in Oirthuaisceart na hInde, 26,470mm, (1,040 órlach), Lunasa 1860 go dtí Lunasa 1861. Tá an chraobh ag Cherrapunji freisin don mhéid is mó báistí in aon mhí amháin, 2,930mm (115 órlach), Iúl 1861. |
| **An cheantar is fliche (ar an meán):** | Tututeudo, sa Cholóimbe, le meántitim bhliantúil báistí de 11,770mm (463.4 órlach). |
| **An ceantar is fliche (24 uair a chloig):** | Cilaos, Reunion san Aigéin Indiach, 1,870mm (73.6 órlach), 15ú-16ú Márta 1952 |
| **Na clocha sneachta is troime:** | Gopalganj, sa Bhanglaidéis suas le 1.02kg (2.25 punt), 14ú Aibreán 1986 (maraíodh 92 duine). |
| **An titim sneachta is troime:** | Bessaus, Savoie sa Fhrainc, 1,730mm (68 órlach) i 19 n-uair a chloig, 5ú-6ú Aibreán 1969 |
| **Na titmeacha sneachta is troime (san séasúr/sa bhliain):** | Stáisiún Paradise Ranger, Sliaibh Ranier, Washington Stáit Aontaithe Mheircea, 31,102mm (1,224.5 órlach), 19ú Feabhra 1971 go 18ú Feabhra 1972. |

# Cur i gcrích: Cur Chuige Traschuraclam

| AN GHEOGRAIF | AN GHAEILGE | AN EOLAÍOCHT |
|---|---|---|
| Titim báistí a thomhas | Logainmneacha a bhfuil baint acu le huisce | Galú |
| Éisteacht le réamhháisnéisí na h-aimsire agus cuntas a scríobh. | Scéalta béaloidis a bhfuil baint acu le huisce m.sh An Brádán Feasa / Clann Lir | Sáithiú |
| Cártaí poist ó áiteanna éagsúla timpeall an domhain a dhearadh agus a scríobh amach - ag trácht duit ar chursaí aimsire | | Aimsiú uisce |
| Tionscail áitiúla a bhaineann úsáid as uisce | | Truailliú san uisce |
| **AN EACNAMAÍOCHT BHAILE** | **GNÍOMHAÍOCHTAÍ GINEARÁLTA** | **STAIR** |
| Biachlár bunaithe ar bhia a fhaightear ó uisce | Cumascphictiúr de radharcanna éagsúla a bhaineann le huisce | Déan mionshamhlacha de bháid m.sh curacha, báid Lochlannacha fhada |
| Glaine agus sabhháltacht | Bain usáid as cupáin phlaisteacha, feadáin buidéil, rl chun píosa ealaíne a chumadh | Deán mionshamhail de chrannóg |
| Staideár ar uisce agus ar lachtanna eile a mbaintear usáid astu in oidis bhia. | Deán postaeir a chuirfidh ceartúsáid an uisce os comhair an phobail | Agallaimh a chur ar ghaolta leat faoi na hathruithe atá tarlaithe le tamall, m.sh caidéal an tsráid bhaile, na toibreacha |
| | Deán linn sa scoil | |
| | Scríobh chuig polaiteoirí ag ardú ceisteanna a bhaineann le tabhacht an uisce. | |

**FREAGRAÍ**

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceist 1 | **D** | Ceist 4 | **B** | Ceist 7 | **B** | Ceist 10 | **C** | Ceist 13 | **A** |
| Ceist 2 | **C** | Ceist 5 | **C** | Ceist 8 | **A** | Ceist 11 | **D** | Ceist 14 | **C** |
| Ceist 3 | **C** | Ceist 6 | **B** | Ceist 9 | **C** | Ceist 12 | **D** | Ceist 15 | **D** |

SELF HELP
Africa Alive

**Self Help Development International**
Hacketstown, Co Carlow, Ireland.

Tel: 059 647 1175
Email: info@selfhelp.ie
Website: www.selfhelp.ie

**Dáithi Ó hAodha**
Africa Alive Co-ordinator